

# An Teach Cónaithe

Tá Muintir Uí Mhurchú ina gcónaí i dteach **dhá urlár** ar imeall na cathrach. Tá an teach suite in eastát mór. Tá **plásóg fhéir** os comhair an tí. Tá **bláthcheapacha** ar imeall na plásóige. Ar chúl an tí tá gairdín ina bhfásann glasraí. In aice an tí tá **garáiste** ina gcuireann Daidí an carr gach oíche. Tá an chistin, an **seomra suite** agus an **seomra bia** sa **bhunurlár.** In airde an staighre tá na **seomraí codlata** agus an **seomra folctha.** Tá Muintir Uí Riain ina gcónaí i **mbungaló** faoin tuath. Tá fál ard timpeall an tí agus plásóg mhór os a chomhair amach.

Cónaíonn Muintir Mhic Chárthaigh i dteach ar thaobh na sráide sa sráidbhaile. Tá **sraith** teach sa **bhloc** chéanna agus tá an teach i lár baill.

De ghnáth dhá urlár atá sa chuid is mó de na tithe sa tír seo. Ins na bailte móra agus ins na cathracha tá tithe trí urlár agus ceithre urlár. De ghnáth tógtar tithe de **bhloic stroighne.** I roinnt tíortha eile déantar tithe d'adhmad. Tógtar **foirgnimh** an-arda i gcuid de na cathracha in Meiriceá. Bíonn suas le céad urlár i gcuid de na foirgnimh sin. Tugtar **tithe spéire** orthu.

## A. Foclóir

**plásóg,** lawn
**bláthcheapach,** flower-bed
**fál,** hedge
**tithe spéire,** skyscrapers

## B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cá bhfuil teach Uí Mhurchú suite?
   — amuigh faoin tuath.
   — ar imeall na cathrach.
   — ar thaobh an chnoic.
2. Cad tá ar chúl an tí?
   — gairdín glasraí.
   — garáiste.
   — scioból.
3. Cá gcónaíonn Muintir Mhic Chárthaigh?
   — i mbungaló faoin tuath.
   — in aice na habhann.
   — i dteach ar thaobh na sráide sa sráidbhaile.

## C. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo leanas:

1. Tá an chistin agus an seomra suite sa -.
2. In airde staighre tá na - - agus an - - .
3. Tá - - timpeall an tí agus - - os a chomhair amach.
4. Sna bailte móra agus sna cathracha tá tithe - agus - - .

## D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth a mbíonn plásóg fhéir os comhair an tí?
2. Cad chuige an garáiste?
3. Cé acu is fearr leat, teach dhá urlár nó bungaló? Cén fáth?
4. Cá bhfuil na tithe spéire le feiceáil?
5. Cé thóg an teach a bhfuil tusa i do chónaí ann?
6. Cén fáth a dtógtar tithe d'adhmad i dtíortha eile?

## Gramadach 1

1. "Ar imeall **na cathrach".** Ar imeall (an bord, an leathanach, an pháirc).
2. "Tá Muintír Uí Riain **ina gcónaí** i mbungaló."
   (mise, tusa, eisean, ise, sinn, sibh, siad).
3. **Scéal**
   Shroich Liam an scoil ar a naoi a chlog inné. D'oscail sé a mhála agus thóg sé amach an leabhar léitheoireachta. Lean sé den léitheoireacht ar feadh tamaill. Ansin dhún sé an leabhar agus chuir sé ar ais sa mhála é. D'iarr an máistir air an clárdubh a ghlanadh. Ghlan sé leis an nglantóir é agus shuigh sé síos.
   Scríobh an scéal arís ag tosú mar seo:
   Shroich mé an scoil ----------.